# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE

A ceapadh le Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an

# Chláir Athstiúrtha

2009

Prn: **A10/0993**

Tá cóipeanna den tuarascáil seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda www.garda.ie,
agus ar láithreán gréasáin Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig www.iyjs.ie

# Clár


**Réamhrá ón gCoimisinéir Cúnta Lughdaigh Ó hEarcháin** 3

**Achoimre Feidhmiúcháin** 4

**1. Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste** 5

**2. An Clár Athstiúrtha** 6

**3. Atreoruithe**

*3.1 Líon na nAtreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha* 7

*3.2 Líon na bPáistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha* 9

*3.3 Líon na bPáistí a Atreoraíodh de réir Inscne, Réigiúin agus Roinne* 11

**4. Rabhaidh**

*4.1 Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta* 12

*4.2 Rabhaidh agus Comhdhálacha Aisiríche an Gharda Síochána* 13

*4.3 Imeachtaí Ceartais Aisiríche* 14

**5. Neamhoiriúnach le Cuimsiú** 15

**6. Na Cionta ar Atreoraíodh Páistí ar a son**

*6.1 Príomhchionta: 2009* 16

*6.2 Catagóirí na gCionta: 2009* 17

*6.3 Briseadh síos ar Chatagóirí Roghnaithe: 2009* 18

*6.4 Atreoruithe: 2005 - 2009* 20

**7. Próifíl Aoise na bPáistí a Atreoraíodh** 23

**8. Oiliúint agus Forbairt** 24

**9. Barúlacha agus Moltaí** 25


# Aguisín


Struchtúr Achmhainní Daonna 26

# BROLLACH



A Choimisinéir, a chara,

Is mór an pleisiúr dom An Tuarascáil Bhliantúil 2009 don Choiste a Ceapadh chun Monatóireacht a dhéanamh ar Éifeacht an Chláir Athstiúrtha**,** mar atá leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001, a chur i láthair.

Ba é líon iomlán na n-eachtraí a dtagraítear don Chlár Athstiúrtha le linn 2009 ná 23,952, laghdú de 3,470 nó 13% ó 2008. Is é líon iomlán na leanaí aonair a dtagraítear don Chlár ná 18,519, rud arbh ionann agus laghdú de 2,893 nó 14% ón iomlán 2008.

Níl aon athrú ar phróifíl aoise na leanaí atá tagartha don chlár, le leanaí 16 agus 17 bliana ag tógáil 24% agus 35% de thagartha faoi seach.

Is iad na trí phríomhchatagóir lena raibh leanaí tagartha ná Cionta atá bainteach le halcól (18%), gadaíocht (17%) agus cionta eile tráchta (13%).

Leanann Clár an Gharda Síochána um Cheartas Aisiríoch ag forbairt leis na hOifigigh idir-chaidrimh d'Ógánaigh ag éascú 416 imeacht aistríocha.

Bhí roinnt athruithe teorainn roinne i gceist, rud nach éascaíonn comparaid éasca le statisticí na bliqana anuraidh. Léirítear na hathruithe seo ar leathanach 7 ar dtús agus ag pointí eile ar fud na tuarascála mar is cuí.

Seoladh an chéad Stráitéis do Leanaí agus d'Ógánaigh i nDeireadh Fómhair 2009. Tugann an stráitéis trí bliana seo léargas ar conas a thabharfaidh An Garda Síochána seirbhís den scoth do leanaí agus d'ógánaigh inár bpobal. Is fiú a thabhairt chun cuimhne nach dtéann formhór na n-ógánach i gcoimhlint leis an dlí agus go mbionn daoine óga go minic mar íospartaigh choire agus/nó i ngátar chúnamh ó Ghardaí. Ag cloí leis an ról leathan atá sé mar aidhm ag an stráitéis a sholáthar, d'athraigh ainm na hOifige Náisiúnta d'Ógánaigh go dtí Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige (OGSLGO).

Teastaíonn uaim mo bhuíochas a ghabháil leis an gcoiste as ucht a gcuid oibre i gcaitheamh na bliana, le Stiúrthóir an Chláir Atreoraithe, le foireann ag an OGSLGO agus leis na hOifigigh Idir-chaidrimh Ógánaigh ar fud na tíre as ucht a ndíograiseacha agus a gcuid cúnaimh.

______________________________ Cathaoirleach

Lúghdaigh Ó hEarcháin, An Coimisinéir Cúnta

# Achoimre Feidhmiúcháin

- Ba é 23,952 líon iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i 2009.

- Ba é 18, 519 líon iomlán na bpáistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár

- Ba é 14,047 (76%) líon na bpáistí a ligeadh isteach ar an gClár Athstiúrtha.

- Pléadh le cás 10,059 (54%) de pháistí trí bhithín radhadh neamhfhoirmeálta.

- Pléadh le cás 3,988 (22%) de pháiste trí bhithín rabhadh foirmeálta.

- Cinneadh ar feitheamh a bhí ina gcás ag 482 (3%) de pháistí.

- Níor ghá aon bheart eile i gcás 1,024 (6%) de pháistí.

- Measadh go raibh 2,966(16%) de pháistí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár.

- Ba chosúil cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son chuig an gclár le cinn nab liana anuraidh.

- Ba iad cionta a bhain le halcól (17.6%), gadaíocht (16.6%) cionta tráchta bóthair (13%) na trí phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.

- Bhí 1,401 (5,8%) atreorú ón gCóras Píonóis Muirear Seasta.

- Leanann clár ceartais aisiríche an Gharda ag teacht chun cinn le hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ag éascú 416 imeacht ceartais aisiríche.

- Cruthaíodh agus líonadh seacht bpost nua d’Oifigigh Idirchaidrimh don Óige i 2009.

- Tá 108 Oifigeach Garda Idirchaidrimh don Óige agus 8 Oifigeach Sáirsint Idirchaidrimh don Óige ag obair ar an gclár.

# 1. Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste

I Mí na Bealtaine 2002 síníodh Ordú Aireachta a thug Cuid 4 d'Acht na Leanaí 2001 i bhfeidhm. Baineann an chuid seo den Acht go hiomlán leis an gClár Athstiúrtha. I mí an Mheithimh 2003 ceapadh Coiste de réir Alt 44 den Acht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtach an chláir.

### Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha
- athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dá oibriú
- monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha oiliúna na n-éascóirí
- tuarascáil bhliantiúil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána maidir lena ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana

### Is iad tascanna an Choiste ná:

- bainistiú agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha a scrúdú
- na cleachtais is fearr aithint i riaradh an Chláir
- na cleachtais is fearr d'oiliúint éascóirí a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na hoiliúna
- modheolaíochtaí a chur in áit le meastóireacht a dhéanamh ar éifeacht an chláir agus é a thomhas
- comhairle a thabhairt maidir le haon cheisteanna ábhartha
- tuarascáil bhliantiúil a ullmhú

### Ballraíocht

Is iad baill reatha an Choiste ná:

- An Coimisinéir Cúnta Lughdaigh Ó hEarcháin, Cathaoirleach
- An tArd-Cheannfort Clare O'Sullivan
- Iníon Phil Hanna
- An tUasal Tim Dalton
- An Cigire Finbarr Murphy (Rúnaí)

# 2. An Clár Athstiúrtha

Is pacáiste bearta é an Clár Athstiúrtha chun déileáil le páistí idir 10 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois a dhéanann cion nó cionta

Tá an Clár á bhainistiú ag Ceannfort Garda atá ceaptha ag Coimisinéir an Gharda Síochána agus Stiúrthóir an Chláir a thugtar air (Alt 20)

Caithfidh an Stiúrthóir gach cás a bhreathnú agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht nó a mhalairt gach páiste le cuimsiú sa Chlár.

**D'fhonn a bheith ligthe isteach ar an gclár ní mór do pháiste:**

- a bheith idir 10 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois
- freagracht a ghlacadh as a chuid / a cuid iompraíochta coiriúla
- toiliú do rabhadh a bheith tugtha dó agus a bheith maoirsithe mar is cuí

Má mheastar go bhfuil an páiste oiriúnach le ligean isteach sa chlár, tugtar cibé acu rabhadh foirmeálta/neamhfhoirmeálta di/dó ansin. In imthosca áirithe, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt d'íospartach an chiona freastal nuair a tugtar an rabhadh. Tagraítear do seo mar rabhadh aisiríocht. D'fhéadfadh an tOIÓ a mholadh freisin go dtionóltar comhdháil teaghlaigh.

Cuirtear páiste a thugtar rabhadh foirmeálta dó /dí faoi mhaoirsiú an Gharda go ceann tréimhse 12 mhí. Féadfaidh an Stiúrthóir an tréimhse mhaoirseachta seo a éagsúlú in imthosca áirithe. Riarfaidh Garda nach ísle céime ná Cigire nó OIÓ a fuair oiliúint idirghabhála an rabhadh. Riartar rabhadh neamhfhoirmeáilte ag OIÓ agus ní chuirtear an leanbh faoi mhaoirsiú de ghnáth. I gcleachtadh, próisís fhoirmeálta is ea an dá rabhadh a bhfuil tréimhse maoirseachta ag gabháil le ceann acu agus a bhfuil an ceann eile acu gan mhaoirseacht.

# 3. Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha

## 3.1 Líon na nAtreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha

Ba é 23,952 líon iomlán na n-atreoruithe a fuarthas i 2009. Laghdú de 3,470 (12.65%) ab ea é sin ar fhigiúr de 27,422 atreorú a fuarthas i 2008.

**Tábla 1: Líon na nAtreoruithe i 2009 de réir Réigiúin agus Roinne**

| | Iomlán | Foirmeálta | Neamhfhoirmeálta | Gan aon Bheart eile | Ar fei-theamh | Neamh-oiriúnach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | | | |
| CILL DARA | 670 | 117 | 383 | 35 | 11 | 124 |
| LAOIS / UIBH FHAILÍ | 744 | 194 | 364 | 28 | 7 | 151 |
| AN MHÍ | 618 | 104 | 306 | 30 | 13 | 165 |
| AN IARMHÍ | 450 | 89 | 245 | 25 | 8 | 83 |
| CILL MHANTÁIN | 681 | 152 | 383 | 16 | 42 | 88 |
| **Iomlán** | **3163** | **656** | **1681** | **134** | **81** | **611** |
| **RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC** | | | | | | |
| RCÁC THOIR | 735 | 159 | 364 | 41 | 18 | 153 |
| RCÁC THUAIDH | 2086 | 427 | 838 | 66 | 148 | 607 |
| RCÁC LÁR THUAIDH | 676 | 72 | 192 | 18 | 14 | 380 |
| RCÁC THEAS | 1708 | 322 | 609 | 108 | 59 | 610 |
| RCÁC LÁR THEAS | 464 | 76 | 173 | 22 | 21 | 172 |
| RCÁC THIAR | 2100 | 507 | 758 | 95 | 77 | 663 |
| **Iomlán** | **7769** | **1563** | **2934** | **350** | **337** | **2585** |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | |
| AN CABHÁN / MUINEACHÁN | 672 | 171 | 347 | 18 | 11 | 125 |
| DÚN NA NGALL | 778 | 219 | 391 | 17 | 11 | 140 |
| LÚ | 720 | 171 | 365 | 30 | 10 | 144 |
| SLIGEACH / LIATROIM | 335 | 69 | 178 | 13 | 4 | 71 |
| **Iomlán** | **2505** | **630** | **1281** | **78** | **36** | **480** |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | |
| CILL CHAINNIGH / CEATHARLACH | 641 | 179 | 297 | 10 | 14 | 141 |
| TIOBRAID ÁRANN | 737 | 163 | 381 | 24 | 18 | 151 |
| PORT LÁIRGE | 919 | 189 | 430 | 27 | 11 | 262 |
| LOCH GARMAN | 603 | 186 | 328 | 21 | 3 | 65 |
| **Iomlán** | **2900** | **717** | **1436** | **82** | **46** | **619** |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 1595 | 293 | 768 | 89 | 2 | 443 |
| CORCAIGH THUAIDH | 844 | 168 | 421 | 37 | 7 | 211 |
| CORCAIGH THIAR | 603 | 142 | 280 | 26 | 1 | 154 |
| CIARRAÍ | 653 | 158 | 324 | 17 | 68 | 86 |
| LUIMNEACH | 1314 | 355 | 532 | 27 | 11 | 389 |
| **Iomlán** | **5009** | **1116** | **2325** | **196** | **89** | **1283** |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | |
| AN CLÁR | 462 | 109 | 198 | 28 | 17 | 110 |
| GAILLIMH | 1021 | 248 | 569 | 22 | 14 | 168 |
| MAIGH EO | 665 | 196 | 307 | 18 | 8 | 136 |
| ROS COMÁIN / LONGFORT | 397 | 108 | 222 | 12 | 4 | 51 |
| **Iomlán** | **2545** | **661** | **1296** | **80** | **43** | **465** |
| **Lasmuigh den Dlínse** | **61** | **2** | **26** | **26** | **-** | **7** |
| **Iomlán de réir COLÚNS** | **23952** | **5345** | **10979** | **946** | **632** | **6050** |

*Ní éascaíonn tionchar na n-athraithe teorainneacha sna ceantair seo a leanas comparáid statisticiúil caol díreacht le blianta roimhe seo; Cill Dara, An Mhí, Iarmhí, Cill Mhantáin, Lú, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman agus Ros Comáin / Longfort.

## Fíor 1




## Fíor 2

### Cáschinntí mar chéatadáin d'iomlán na n-atreoruithe 2007 – 2009




***Tá na figiúirí tar éis a bheith slánaithe go dtí an pointe céadatáin is goire**

## 3.2 Líon na bPáistí a atreoraíodh chuig an gClár Atreoraithe

Ba é 18,519 líon na bpáistí a atreoraíodh i 2009. Laghdú de 2,893 (13.51%) ab ea é sin ar iomlán 2008 de 21,412.

**Tábla 2: Líon na bPáistí a atreoraíodh i 2009 de réir réigiúin agus roinne**

| | Iomlán | Foir-mealta | Neamhfhoirmeálta | Gan aon bheart eile | Ar fei-theamh | Nach oiriúnach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | | | |
| CILL DARA | 546 | 97 | 340 | 32 | 10 | 67 |
| LAOIS / UIBH FHAILÍ | 574 | 141 | 325 | 25 | 7 | 76 |
| AN MHÍ | 472 | 83 | 273 | 27 | 10 | 79 |
| AN IARMHÍ | 339 | 59 | 207 | 28 | 7 | 38 |
| CILL MHANTÁIN | 557 | 123 | 340 | 20 | 26 | 48 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | **2488** | **503** | **1485** | **132** | **60** | **308** |
| **RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC** | | | | | | |
| RCÁC THOIR | 610 | 121 | 352 | 45 | 13 | 79 |
| RCÁC THUAIDH | 1633 | 353 | 798 | 80 | 108 | 294 |
| RCÁC LÁR THUAIDH | 451 | 65 | 171 | 20 | 9 | 186 |
| RCÁC THEAS | 1309 | 252 | 581 | 113 | 45 | 318 |
| RCÁC LÁR THEAS | 358 | 66 | 164 | 21 | 17 | 90 |
| RCÁC THIAR | 1645 | 404 | 704 | 108 | 51 | 378 |
| **IOMÁN RCÁC** | **6006** | **1261** | **2770** | **387** | **243** | **1345** |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | |
| AN CABHÁN / MUINEACHÁIN | 518 | 121 | 310 | 20 | 11 | 56 |
| DÚN NA NGALL | 626 | 171 | 355 | 17 | 11 | 72 |
| LÚ | 537 | 108 | 329 | 29 | 10 | 61 |
| SLIGEACH / LIATROIM | 280 | 59 | 164 | 13 | 4 | 40 |
| **IOMLÁM AN TUAISCIRT** | **1961** | **459** | **1158** | **79** | **36** | **229** |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | |
| CILL CHAINNIGH / CEATHARLACH | 486 | 123 | 271 | 14 | 13 | 65 |
| TIOBRAID ÁRANN | 557 | 117 | 329 | 30 | 18 | 63 |
| PORT LÁIRGE | 670 | 137 | 390 | 28 | 10 | 105 |
| LOCH GARMAN | 446 | 100 | 289 | 24 | 2 | 31 |
| **IOMLÁN AN OIRDHEISCIRT** | **2159** | **477** | **1279** | **96** | **43** | **264** |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 1230 | 226 | 692 | 92 | 2 | 218 |
| CORCAIGH THUAIDH | 657 | 132 | 382 | 42 | 6 | 95 |
| CORCAIGH THIAR | 432 | 79 | 260 | 27 | 1 | 65 |
| CIARRAÍ | 510 | 107 | 294 | 18 | 44 | 47 |
| LUIMNEACH | 951 | 269 | 497 | 30 | 11 | 144 |
| **IOMLÁN AN DEISCIRT** | **3780** | **813** | **2125** | **209** | **64** | **569** |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | |
| AN CLÁR | 379 | 88 | 191 | 35 | 14 | 51 |
| GAILLIMH | 844 | 180 | 534 | 33 | 11 | 86 |
| MAIGH EO | 510 | 126 | 286 | 20 | 7 | 71 |
| ROS COMÁIN /AN LONGFORT | 339 | 79 | 205 | 13 | 4 | 38 |
| **Iomlán An Iarthair** | **2072** | **473** | **1216** | **101** | **36** | **246** |
| **Lasmuigh Den Dlínse** | **53** | **2** | **26** | **20** | **0** | **5** |
| **Iomlán De Réir COLÚIN** | **18519** | **3988** | **10059** | **1024** | **482** | **2966** |

*Ní éascaíonn tionchar na n-athraithe teorainneacha sna ceantair seo a leanas comparáid statisticiúil caol díreacht le blianta roimhe seo; Cill Dara, An Mhí, Iarmhí, Cill Mhantáin, Lú, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman agus Ros Comáin / Longfort.

## Fíor 3




## Fíor 4

### Cinntí cáis mar chéatadán de réir foriomlán na bpáistí a atreoraíodh




***Tá na figiúirí seo tar éis a bheith slánaithe go dtí an pointe céadatáin is goire**

## 3.3 Líon na bPáistí a Atreoraíodh de réir Inscne, Réigiúin agus Atreoruithe

### Tábla 3: Inscne na bpáistí a atreoraíodh de réir Réigiúin agus Roinne

| | Foirmeálta | | Neamh - fhoirmeálta | | Gan aon Bheart eile | | Ar feitheamh | | Nach oiriúnach | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | B | F | B | F | B | F | B | F | B | F | |
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | | | | | | | | |
| CILL DARA | 13 | 84 | 68 | 272 | 8 | 24 | - | 10 | 11 | 56 | 546 |
| LAOIS / UIBH FHÁILÍ | 15 | 126 | 79 | 246 | 5 | 20 | 3 | 4 | 7 | 69 | 574 |
| AN MHÍ | 13 | 70 | 63 | 210 | 2 | 25 | 2 | 8 | 14 | 65 | 472 |
| AN IARMHÍ | 11 | 48 | 44 | 163 | 10 | 18 | 2 | 5 | 9 | 29 | 339 |
| CILL MHANTÁIN | 15 | 108 | 67 | 273 | 2 | 18 | 3 | 23 | 6 | 42 | 557 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | **67** | **436** | **321** | **1164** | **27** | **105** | **10** | **50** | **47** | **261** | **2488** |
| **RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC** | | | | | | | | | | | |
| RCÁC THOIR | 14 | 107 | 78 | 274 | 7 | 38 | 5 | 8 | 10 | 69 | 610 |
| RCÁC THUAIDH | 46 | 307 | 190 | 608 | 21 | 59 | 17 | 91 | 33 | 261 | 1634 |
| RCÁC LÁR THUAIDH | 8 | 57 | 51 | 120 | 7 | 13 | 1 | 8 | 16 | 170 | 451 |
| RCÁC THEAS | 19 | 233 | 138 | 443 | 21 | 92 | 3 | 42 | 42 | 276 | 1309 |
| RCÁC LÁR THEAS | 13 | 53 | 45 | 119 | 2 | 19 | 2 | 15 | 13 | 77 | 358 |
| RCÁC THIAR | 57 | 347 | 176 | 528 | 29 | 79 | 7 | 44 | 34 | 344 | 1645 |
| **IOMÁN RCÁC** | **157** | **1104** | **678** | **2092** | **87** | **300** | **35** | **208** | **148** | **1197** | **6006** |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| AN CABHÁN / MUINEACHÁIN | 10 | 111 | 54 | 256 | 5 | 15 | 2 | 9 | 7 | 49 | 518 |
| DÚN NA NGALL | 18 | 153 | 66 | 289 | 1 | 16 | 3 | 8 | 3 | 69 | 626 |
| LÚ | 12 | 96 | 69 | 260 | 9 | 20 | | 10 | 4 | 57 | 537 |
| SLIGEACH / LIATROIM | 5 | 54 | 28 | 136 | 2 | 11 | 1 | 3 | 2 | 38 | 280 |
| **IOMLÁN AN TUAISCIRT** | **45** | **414** | **217** | **941** | **17** | **62** | **6** | **30** | **16** | **213** | **1961** |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| CILL CHAINNIGH / CEATHARLACH | 18 | 105 | 71 | 200 | 2 | 12 | | 13 | 10 | 55 | 486 |
| TIOBRAID ÁRANN | 19 | 98 | 58 | 271 | 6 | 24 | 4 | 14 | 7 | 56 | 557 |
| PORT LÁIRGE | 33 | 104 | 91 | 299 | 10 | 18 | 1 | 9 | 15 | 90 | 670 |
| LOCH GARMAN | 12 | 88 | 62 | 227 | 1 | 23 | | 2 | | 31 | 446 |
| **IOMLÁN AN OIRDHEISCIRT** | **82** | **395** | **282** | **997** | **19** | **77** | **5** | **38** | **32** | **232** | **2159** |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 49 | 177 | 199 | 493 | 25 | 67 | | 2 | 29 | 189 | 1230 |
| CORCAIGH THUAIDH | 18 | 114 | 104 | 278 | 10 | 32 | 1 | 5 | 9 | 86 | 657 |
| CORCAIGH THIAR | 14 | 65 | 60 | 200 | 7 | 20 | | 1 | 7 | 58 | 432 |
| CIARRAÍ | 10 | 97 | 60 | 234 | 4 | 14 | 2 | 42 | 11 | 36 | 510 |
| LUIMNEACH | 51 | 218 | 148 | 349 | 4 | 26 | | 11 | 18 | 126 | 951 |
| **IOMLÁN AN DEISCIRT** | **142** | **671** | **571** | **1554** | **50** | **159** | **3** | **61** | **74** | **495** | **3780** |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | | | | | | |
| AN CLÁR | 14 | 74 | 43 | 148 | 2 | 33 | 3 | 11 | 3 | 48 | 379 |
| GAILLIMH | 19 | 161 | 145 | 389 | 8 | 25 | 3 | 8 | 11 | 75 | 844 |
| MAIGH EO | 14 | 112 | 77 | 209 | 4 | 16 | | 7 | 17 | 54 | 510 |
| ROS COMÁIN /AN LONGFORT | 13 | 66 | 40 | 165 | 2 | 11 | 2 | 2 | 5 | 33 | 339 |
| **IOMLÁN AN IARTHAIR** | **60** | **413** | **305** | **911** | **16** | **85** | **8** | **28** | **36** | **210** | **2072** |
| **Lasmuigh den Dlínse** | **0** | **2** | **2** | **24** | **4** | **16** | **0** | **0** | **0** | **5** | **53** |
| **Iomlán de réir COLÚIN** | **553** | **3435** | **2376** | **7683** | **220** | **804** | **67** | **415** | **353** | **2613** | **18519** |

*Ní éascaíonn tionchar na n-athraithe teorainneacha sna ceantair seo a leanas comparáid statisticiúil caol díreacht le blianta roimhe seo; Cill Dara, An Mhí, Iarmhí, Cill Mhantáin, Lú, Cill Chainnigh, Port Láirge, Loch Garman agus Ros Comáin / Longfort.

# 4. Rabhaidh

## 4.1 Rabhaidh Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta

Mar a léirítear i dTábla 2, ba é 14, 047 líon iomlán na bpáistí a fuair radhadh cibé go foirmeálta nó go neamhfhoirmeálta sa bhliain 2009. Is ionann sin agus 76% de líon iomlán na bpáistí a atreoraíodh.

Fuair 10,059 (54%) de pháistí rabhadh neamhfhoirmeálta agus fuair 3,988 (22%) de pháistí rabhadh foirmeálta.Tá na figiúir seo incurtha le 55% agus 18% faoi seach le haghaidh 2008.

### Fíor 5




### Fíor 6



## 4.1 Rabhadh agus Comhdhálacha Aisiríche an Gharda Síochána

Is é 'Ceartas aisiríoch' an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas faoina dtugtar deis d’íospartach an chiona casadh ar an gciontóir nó a chuid / a cuid tuairimí a bheith curtha i láthair an chiontóra. Foráltar ceartas aisiríche in Acht na Leanaí 2001 trí bhithín íospartach a bheith i láthair ag rabhadh foirmeálta nó ag comhdháil teaghlaigh. Táthar ag súil go dtuigfidh an ciontóir nár chion in aghaidh an dlí amháin atá déanta ach freisin gur cion in aghaidh duine nó in aghaidh pobail. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann ceartas aisiríoch le rabhadh foirmeálta de réir ailt 26 agus 29 d’Acht na Leanaí.

Le cois ceangal a dhéanamh idir dochar agus duine, tugtar dúshlán don iompar agus tugtar deis don chiontóir ní hamháin leithscéal a dhéanamh ach beart éigin a dhéanamh chun an dochar a leigheas. Féadfaidh an gníomh ‘aisiríche’ seo a bheith trí bhíthín earraí goidte a chur ar ais, caillteanas a chúiteamh, dochar a dheisiú nó coinníollacha a aontú d’iompar na todhchaí atá ceaptha chun an t-íospartach a chur ar a s(h)uaimhneas nach dtarlóidh an déanamh ciona in athuair.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach freastal ar rabhadh foirmeálta do pháiste rabhadh aisiríoch is ea a thugtar air. In imthosca áirithe d’fhéadfadh sé gurbh fhearr le híospartaigh a dtuairimí a chur in iúl i litir, nó ar thaifeadadh nó go gcuirfeadh cara, tacóir nó duine eile a gcuid tuairimí in iúl.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach freastal ar chomhdháil teaghlaigh i dtaca le páiste, comhdháil aisiríoch is ea a thugtar air. Is ionann an chomhdháil aisiríoch agus an rabhadh aisiríoch ar go leor bealaí. Tugtar guth don íospartach agus cuirtear tionchar dreach daonna ar an iompraíocht easónórach. Áit a bhfuil difríocht i gceist ná go ndéanann an comhdháil iarracht níos mó réimse níos leithne saineolais a úsaid in iarracht dúshlán iompraíocht an pháiste a thabhairt agus le tacú le haon athrú a d’fhéadfadh titim amach mar thoradh ar an gcomhdháil. Cuir i gcás, d’fhéadfaí ní hamháin an t-íospartach agus lucht tacaíochta an íospartaigh ach freisin múinteoir scoile, oibrí sóisialta, mórtheaghlach an pháiste nó aon duine eile a d’fhéadfadh tionchar dearfach acu ar a chuid / a cuid iompraíochta sa todhchaí a bheith i measc iad siúd atá i láthair ag an gcomhdháil

Tugtar imeachtaí aisiríoch ar rabhadh aisiríocha agus comhdhálacha aisiríocha i bhfochair a chéile. Tionóladh 416 imeacht aisiríoch san iomlán i 2009 arb ionann é agus laghdú de 6 (1.4%) ar iomlán 2008 de 422. Bhí na hócáidí 416 sin comhdhéanta de 411 rabhadh aisiríocha agus 5 chomhdháil aisiríocha. Léiríonn na figiúirí seo nach raibh difríocht mhór idir líon na n-imeachtaí aisiríche in 2009 agus 2008. Taispeánann Tábla 4 líon na n-imeachtaí ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn roinne.

Ar na cineálacha cionta a dtionóladh ócáidí aisiríocha, bhí cionta um thrácht ar bhóithre, sáruithe ar ord poiblí, ionsaithe, robáil, buirgléireacht, gadaíocht agus damáiste coiriúil.

Tá an Coiste sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le forbairt gné an cheartais aisiríche de réir Chuid 4 den Acht.

## 4.3 Imeachtaí Ceartais Aisiríche 2009 de réir Réigiúin agus Roinne

### Tábla 4

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|---|
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | |
| CEATHARLACH / CILL DARA [1] | 11 | 8 | 17 | - |
| CILL DARA [2] | - | - | - | 10 |
| LAOIS / UÍBH FHAILÍ | 8 | 10 | 14 | 9 |
| AN LONGFORT / AN IARMHÍ [1] | 4 | 7 | - | - |
| LÚ / AN MHÍ [1] | 14 | 14 | - | - |
| AN MHÍ[2] | - | - | 7 | 12 |
| AN IARMHÍ[2] | - | - | 11 | 6 |
| CILL MHANTÁIN[2] | - | - | 5 | 8 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | **37** | **39** | **54** | **45** |
| **RÉIGIÚN CHATHAIR ÁTHA CLIATH** | | | | |
| THOIR | 33 | 34 | 24 | 16 |
| LÁR THUAIDH | 4 | 8 | 15 | 13 |
| THUAIDH | 12 | 52 | 46 | 54 |
| LÁR THEAS | 11 | 12 | 11 | 10 |
| THEAS | 17 | 18 | 18 | 13 |
| THIAR | 23 | 16 | 28 | 32 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN CHATHAIR BÁC** | **100** | **140** | **142** | **138** |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | |
| AN CABHÁN/MUINEACHÁN | 6 | 9 | 21 | 10 |
| DÚN NA NGALL | 3 | 6 | 4 | 3 |
| SLIGEACH / LIATROM | - | 3 | 5 | 4 |
| LÚ[2] | - | - | 9 | 10 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN THUAISCIRT** | **9** | **18** | **39** | **27** |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | |
| CILL CHAINNIGH/CEATHARLACH[2] | - | - | - | 14 |
| TIOBRAID ÁRANN | 4 | 3 | 14 | 7 |
| PORT LÁIRGE[2] | - | - | - | 11 |
| PORT LÁIRGE / CILL CHAINNIGH[1] | 10 | 18 | 22 | - |
| LOCH GARMAN / CILL MHANTÁIN[1] | 8 | 16 | - | - |
| LOCHGARMAN[2] | - | - | 12 | 12 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEIS-CIRT** | **22** | **37** | **48** | **44** |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 39 | 47 | 35 | 57 |
| CORCAIGH THUAIDH | 12 | 17 | 19 | 34 |
| CORCAIGH THIAR | 42 | 26 | 19 | 25 |
| CIARRAÍ | 8 | 6 | 1 | 1 |
| LUIMNEACH | 11 | 9 | 9 | 10 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | **112** | **105** | **83** | **127** |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | |
| AN CLÁR | 1 | - | 2 | - |
| GAILLIMH | 4 | 12 | 27 | 22 |
| MAIGH EO | 10 | 10 | 3 | 5 |
| ROS COMÁIN / GAILLIMH THOIR | 12 | 17 | - | - |
| ROS COMÁIN / AN LONGFORT | - | - | 24 | 8 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | **27** | **39** | **56** | **35** |
| **Iomlán** | **307** | **378** | **422** | **416** |

[1] Ranna nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh de bharr atreorannaithe i 2008 agus 2009

[2] Ranna nua a cruthaíodh i rith ateorannaithe i 2008 agus 2009

# 5. Páistí a measadh a bhí neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár

Measadh go raibh 2,966 (16%) páiste nach raibh oiriúnach le cuimsiú sa Chlár Athstiúrtha.

Tuairiscítear cás mar neamhoiriúnach más amhlaidh;

- Nach nglacann an páiste freagracht as an iompar
- Nach mbeadh sé chun leas na sochaí rabhadh a thabhairt don pháiste
- Go bhfuil an páiste ag déanamh cionta an t-am ar fad

Cuirtear na hábhair seo ar ais ansin chuig bainistíocht áitiúil an Gharda a dhéanann cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, más cuí, an dtionófar ion-chúiseamh.

**Fíor 7**




**Fíor 8**



# 6. Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son

## 6.1 Príomhchionta ar atreoraíodh páistí ar a son

Is cosúil iad na cineálacha cionta ar atreoraíodh paistí ar a son don chlár seo leo siúd lena raibh said atreoraithe i 2008. Is iad na trí chion is coitianta ná cionta atá bainteach le halcól 17.6%, gadaíocht 16.6% agus cionta um thrácht ar bhóithre 13%.

**Fíor 9**

**Na príomhchionta maidir len iad ina ina raibh atreoraithe déanta i 2009**




Tá an 10.6% 'Eile' sa phíchairt thuas comhdhéanta d'iomlán na gcionta eile ar fad, nárbh ionann aon cheann díobh agus breis is 5% den bhforiomlán. Tá an cineál ciona agus an céatadán le fáil i dTábla 5

## 6.2 Catagóirí na gCionta 2009

Taispeánann an dá thábla seo a leanas an catagóir ciona ar atreoraíodh páistí ina leith. Taispeánann Tábla 5 na príomhchatagóirí ciona agus tugann Tábla 6 miondealú níos sonraithe i gcás catagóirí roghnaithe.

### Tábla 5

| | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Gadaíocht | 3967 | 16.60% |
| Cionta a bhain le calaois (féach miondhealú A) | 119 | 0.50% |
| Sealbhú ar earraí áirithe le hintinn | 25 | 0.10% |
| Robáil (lena n-áirítear airgead a éileamh le bagairtí) | 246 | 1% |
| Buirgléireacht | 1012 | 4.20% |
| Trombhuirgléireacht | 19 | 0.10% |
| Maoin goidte a láimhseáil / a shealbhú | 220 | 0.90% |
| Damáiste coiriúil (ní coirloisceadh) | 2539 | 10.60% |
| Coirloisceadh | 110 | 0.50% |
| Tógáil /iompar / cur isteach neamhdhleathach le F.I. | 643 | 2.70% |
| Cionta um thrácht ar bhóithre (féach miondhealú B) | 3100 | 13.00% |
| Cionta atá bainte le halcól (féach miondhealú C) | 4252 | 17.60% |
| Cionta ord poiblí (féach miondhealú D) | 2264 | 9.50% |
| Drugaí (sealbhú) | 1027 | 4.30% |
| Drugaí (soláthar) | 174 | 0.70% |
| Sealbhú ar airm ionsaitheach | 378 | 1.60% |
| Sealbhú ar airm tine | 32 | 0.10% |
| Mionionsaí | 1062 | 4.40% |
| Ionsaí ar oifigeach síochána | 36 | 0.10% |
| Ionsaí tromchúiseach (féach miondhealú E) | 406 | 1.70% |
| Cionta gnéasacha (féach miondhealú F) | 74 | 0.30% |
| Trádáil sráide | 26 | 0.10% |
| Foghail | 1550 | 6.50% |
| Na hAchtanna Iarnróid (foghail líne, caitheamh cloche, neamhíoc táillí) | 44 | 0.20% |
| Bailiúcháin ó shráid go sráid agus ó theach go teach | 9 | 0.05% |
| Mioscais phoiblí (lena n-áirítrear glaonna gutháin bréaga) | 58 | 0.25% |
| Príosúnú neamhdhleathach | 5 | 0.05% |
| Cionta in aghaidh ainmhithe | 21 | 0.10% |
| Ilghnéitheach | 534 | 2.25% |
| | | |
| **Iomlán** | **23952** | **100.00%** |

## 6.3 Briseadh síos ar Chatagóirí Roghnaithe 2009

**Tábla 6**

| **Cionta Atá Bainteach Le Calaois (A)** | |
|---|---|
| Cluain Calaoise | 106 |
| Calaois a dhéanamh/rith/calaois | 13 |
| **Iomlán** | **119** |

| **Cionta UM Thrácht AR Bhóithre Eile (B)** | |
|---|---|
| Árachas | 702 |
| Tiomáint chontúirteach | 220 |
| Tiomáint gan aird | 35 |
| Cionta rothar cos | 4 |
| Breith ar fhón póca fad a bhí tú ag tiomáint | 100 |
| Cionta tiomána faoi thionchar óil | 118 |
| Gan cheadúnas tiomána | 178 |
| Gan chlogad / chrios sábhála | 226 |
| Ró-luas | 460 |
| Gan cháin bóthair | 336 |
| Tiomáint chontúirteach faoi ndear bháis | 2 |
| Ilghnéitheach | 719 |
| **Iomlán** | **3100** |

| **Alcóil (C)** | |
|---|---|
| Alcóil a cheannach / a shealbhú / a ól | 1144 |
| Ar meisce agus contúirt don trácht | 4 |
| Ar meisce in áit phoiblí | 3079 |
| Duine a fuarthas ar áitreabh ceadúnaithe | 25 |
| **Iomlán** | **4252** |

## Tábla 6 (ar leanúint)

| **Ord Poiblí (D)** | |
|---|---|
| Gáscar | 16 |
| Ciréib | 1 |
| Mún in áit phoiblí | 9 |
| Iompar míordúil in áit phoiblí | 118 |
| Iompraíocht mhí-úsáideach agus bhagrach | 1435 |
| Gan ghéilleadh do threoir ó Gharda / bac | 528 |
| Mí-ord foréigneach | 45 |
| Eile | 112 |
| **Iomlán** | **2264** |

| **Ionsaí Tromchúiseach (E)** | |
|---|---|
| Dúnmharú | 2 |
| Ionsaí faoi ndear tromghortú coirp | 12 |
| Ionsaí faoi ndear dochair do chorp | 392 |
| **Iomlán** | **406** |

| **Cionta gnéasacha (F)** | |
|---|---|
| Ionsaí gnéasach | 40 |
| Mígheanúlacht | 4 |
| Truailliú | 9 |
| Éigniú | 17 |
| Striapachas (leadránacht) | 1 |
| Bugaireacht | 2 |
| Pornagrafaíocht Leanaí | 1 |
| **Iomlán** | **74** |

## 6.4 Atreoruithe: 2005-2009

Taispeánann na figiúirí seo a leanas líon na n-atreoruithe a fuarthas le cúig bliana anuas le haghaidh gadaíochta, damáiste coiriúil, buirgléireachta, mí-ord poiblí, cionta feithicle agus cionta atá bainteach le halcól .

### Fíor 10




### Fíor 11



## Fíor 12




## Fíor 13



## Fíor 14




## Fíor 15



# 7. Próifíl Aoise na bPáistí a Atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha

Tugann an chairt thíos srac-rianadh ar phróifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha. Astu seo a atreoraíodh, is iad seo a leanas na céatadán foriomlán de phaistí a atreoraíodh i ngach catagóir aoise.

- Bhí 35% os cionn 17 bliana
- Bhí 24% os cionn 16 bliana
- Bhí 18% os cionn 15 bliana
- Bhí 12% os cionn 14 bliana
- Bhí 7% os cionn 13 bliana
- Bhí 3% os cionn 12 bliana
- Bhí 1% faoi bhun aois a 12 bliana

**Fíor 16**



# 8. Oiliúint agus Forbairt

I 2007 thug Oifig an Gharda Síochána um Leanaí agus Ghnóthaí Óige (OGSLGO) clár oiliúna nua isteach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Ba é grúpa oibre comhdhéanta d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige, foireann OGSLGO agus foireann Choláiste an Gharda Síochána a cheap an clár.

Tá an clár comhdhéanta de chúig mhodúl a sheachadtar thar thréimhse ocht mí déag.

**Modúl 1:.** Tús eolais ar obair an OIÓ agus ceapachán meantóra. Cuairt thaithíochta ar OGSLGO agus cur i láthair an phaca traenála agus an ábhair léitheoireachta

**Modúl 2:** Clár oiliúna seachtaine OIÓ lena n-áirítear cur i láthair agus plé maidir le hAcht na Leanaí 2001, Ciontú i gcás an Aosa Óig, Ciontú Gnéasdacha, Scileanna Cumarsáide, Nósanna Imeachta an Gharda, Eitic agus na Cleachtais is fearr i gCeartas Óige

**Modúl 3:** Oiliúint i gCeartas Aisiríocht, oiliúint trí lá i samhail 'Fíorcheartais' an rabhaidh agus i bprionsabail an Cheartais Aisiríche, arna dheimhniú ag Institiúid Idirnaisiúnta um Chleachtais Aisiríochta.

**Modúl 4:** Ochtó uair an chloig d'oiliúint idirghabhála arna seachadadh thar thréimhse ceithre mhí. Deimhníonn Institiúil Idirghabhála na hÉireann an oiliúint.

**Modúl 5:** Modúl dur siar a chlúdaíonn gach gné den fhoghlaim go dtí seo.

Is feasach don Choiste go bhfuil dul chun cinn déanta ag OGSLGO creidiúnú tríú leibhéil a bhaint amach d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Tá meastóireacht tar éis a bheith déanta ar an gCúrsa Forbartha ag an Aonad Forbartha Oiliúna ag Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór. Tá an OGSLGO ag Caidreamh Pobail maraon le hAFO ag obair anois ar phacáiste a cheapadh le haghaidh creidiúnachta tríú leibhéil d'Oifigigh Idirnchaidrimh don Óige.

Molann an Coiste obair OGSLGO sa tionscnamh atá ar bun faoi láthair acu chun bunchar sonraí OGSLGO a chomhtháthú leis an gcóras fáisnéise PULSE. Sruthlínfidh agus cuirfidh sé dlús le hobair atreoruithe a phróiseail, éascóidh sé anailís sonraí feabhsaithe, soláthróidh sé foinse aonair sonraí maidir le sárú ógánaigh agus cabhróidh sé feabhas a chur ar bhainistíocht iomlán an Chláir. Tacaíonn an Coiste go hiomlán le hiarrachtaí na hOGSLGO sa mhéid seo.

# 9. Barúlacha agus Moltaí

## Tá an Coiste sásta

- leis an gceannaireacht a léirigh agus leis na hiarrachtaí a rinne Stiúrthóir an Chláir agus foireann an GOCYA maidir le forbairt an Chláir Atreoraithe mar atá leagtha amach san Acht.
- ó eolas atá ag teacht isteach sa Choiste, go bhfuil na hOifigigh Idirchaidrimh Ógánaigh (OIÓ) ag cur Cuid 4 d'Acht na Leanaí i bhfeidhm, go háirithe coinceap de cheartas aisiríoch agus go bhfuil siad ag tapú an deis a gcuid scileanna a fhorbairt trí oiliúint bhreise.

## Molann an Coiste go

- leanfaidh an GOCYA lena chuid iarrachtaí creidiúnú tríú leibhéil a ghnóthú do na OIÓ.
- go gcoimeádtar athbhreithniú ar líon na OIÓ ata fostaithe i ngach Roinn an Gharda Síochána. Seasann líon na bpost OIÓ faoi láthair ag 116, ar a áirítear 108 Garda agus 8 Sáirsint. Tá líon na bpost le trí bliana anuas tar éis méadú le 21 agus tá sé pleanáilte go mbeidh líon na bpost i 2010 le méadú le seachtar breise.

## Déanfaidh an Coiste

- athbhreithniú ar chruth an Tuarascáil Bhliantúil agus déanfaidh sé canbhasáil ar na páirtithe leasmhara chun a fháil amach uathu an mbeadh aon bheis eolais úsáideach dóibh.
- buaileadh le na hOIÓ ar fud na tíre, chun cloisteáil uathu faoi nádúr na hoibre atá ar siúl acu, agus chun labhairt faoi cheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos nó a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar buartha ag na hOIÓ.
- athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscadal comhtháthú bunachar sonraí PULSE/OGSLGO.
- bailiúchán scéalta aisiríocha a chur i dtoll a chéile, gan na hainmneacha luaite, a chuireann taithí na nOIÓ sa réimse sin in iúl.

# Aguisíní - Struchtúr Acmhainní Daonna

